*IARSCRÍBHINN I*

**SPRIOCANNA I LEITH ASTAÍOCHTAÍ SONRACHA**

1. Maidir le hastaíochtaí sonracha $CO_2$ gach gluaisteáin nua paisinéirí ar leith, arna dtomhas i ngraim in aghaidh an chiliméadair, déanfar, chun críocha na ríomhanna san Iarscríbhinn seo, iad a chinneadh i gcomhréir leis na foirmlí seo a leanas:

   (a) Ón mbliain 2012 go dtí an bhliain 2015:

   Na hastaíochtaí sonracha $CO_2 = 130 + a \times (M - M_0)$

   I gcás na luachanna seo a leanas a bheith i gceist:

   M = mais na feithicle i gcileagraim (kg)

   $M_0$ = 1 372,0

   a = 0,0457

   (b) Ón mbliain 2016:

   Na hastaíochtaí sonracha $CO_2 = 130 + a \times (M - M_0)$

   I gcás na luachanna seo a leanas a bheith i gceist:

   M = mais na feithicle i gcileagraim (kg)

   $M_0$ = an luach a ghlacfar de bhun Airteagal 13(2)

   a = 0,0457

2. Déanfar an sprioc i leith astaíochtaí sonracha do mhonaróir i mbliain féilire ar leith a ríomh mar mheán na n-astaíochtaí sonracha $CO_2$ do gach gluaisteán nua paisinéirí arna chlárú sa bhliain féilire sin arb é an monaróir sin a mhonaróir.

*IARSCRÍBHINN II*

## FAIREACHÁN AGUS TUAIRISCIÚ AR ASTAÍOCHTAÍ

### CUID A — Sonraí a bhailiú maidir le gluaisteáin nua phaisinéirí agus faisnéis fhaireacháin $CO_2$ a chinneadh

1. I gcás na bliana féilire dar tús an 1 Eanáir 2010 agus i gcás gach bliana féilire ina dhiaidh sin, déanfaidh na Ballstáit na mionsonraí seo a leanas a thaifeadadh i leith gach gluaisteáin nua paisinéirí a chlárófar ar a chríoch:

   (a) an monaróir;

   (b) a chineál, a athraitheach agus a leagan;

   (c) a astaíochtaí sonracha $CO_2$ (g/km);

   (d) a mhais (kg);

   (e) a rothfhad (mm); agus

   (f) leithead a riain (mm).

2. Maidir leis na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe 1, gheofar iad ó dheimhniú comhréireachta an ghluaisteáin ábhartha paisinéirí. I gcás ina ndéantar mais íosta agus mais uasta araon do ghluaisteán paisinéirí a shonrú ar an deimhniú comhréireachta, ní úsáidfidh na Ballstáit ach an figiúr uasta chun críocha an Rialacháin seo. I gcás feithiclí débhreoslaithe (peitreal/gás), a bhfuil figiúirí i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ le haghaidh an dá chineál breosla ar a ndeimhniú comhréireachta, ní úsáidfidh na Ballstáit ach an figiúr arna thomhas don ghás.

3. I gcás na bliana féilire dar tús an 1 Eanáir 2010 agus i gcás gach bliana féilire ina dhiaidh sin, déanfaidh gach Ballstát na nithe seo a leanas a chinneadh, i gcomhréir leis na modhanna a thuairiscítear i gCuid B, maidir le gach aon mhonaróir:

   (a) líon iomlán na ngluaisteán nua paisinéirí a chláraítear ar a chríoch;

   (b) meán na n-astaíochtaí sonracha $CO_2$, mar atá sonraithe i bpointe 2 de Chuid B den Iarscríbhinn seo;

   (c) an mheánmhais, mar atá sonraithe i bpointe 3 de Chuid B den Iarscríbhinn seo;

   (d) maidir le gach aon leagan de gach aon athraitheach de gach aon chineál gluaisteáin nua paisinéirí:

      (i) líon iomlán na ngluaisteán nua paisinéirí a chláraítear ar a chríoch, mar atá sonraithe i bpointe 1 de Chuid B den Iarscríbhinn seo;

      (ii) na hastaíochtaí sonracha $CO_2$ agus an cion den laghdú ar astaíochtaí a bhaintear amach de thoradh ar theicneolaíochtaí nuálacha, i gcomhréir le hAirteagal 12, nó ar fheithiclí a thiomáintear le breosla ailtéarnach, i gcomhréir le hAirteagal 6;

      (iii) an mhais;

      (iv) lorg an ghluaisteáin, mar atá sonraithe i bpointe 5 de Chuid B den Iarscríbhinn seo.

### CUID B — Modheolaíocht chun faisnéis fhaireacháin $CO_2$ a chinneadh do ghluaisteáin nua phaisinéirí

Maidir leis an bhfaisnéis fhaireacháin a bhfuil sé de cheangal ar na Ballstáit í a chinneadh i gcomhréir le pointe 3 de Chuid A, cinnfear í i gcomhréir leis an modheolaíocht a shonraítear sa Chuid seo.

1. Líon na ngluaisteán nua paisinéirí a chláraítear (N)

   Cinnfidh na Ballstáit líon na ngluaisteán nua paisinéirí a chláraítear ar a gcríoch sa bhliain fhaireacháin lena mbaineann (N).

Sonraí mionsonraithe ar leibhéal an mhonaróra:

| Bliain | Monaróir | Cineál gluaisteáin | Athraitheach | Leagan | Teicneolaíocht nuálach (*)nó grúpa teicneolaíochtaí nuálacha nó feithicil a thiomáintear le breosla ailtéarnach (**) | Déanamh | Ainm tráchtála | Iomlán na gcláruithe nua | Astaíochtaí sonracha $CO_2$ (g/km) | Mais (kg) | Lorg ($m^2$) | Laghdú ar astaíochtaí trí theicneolaíochtaí nuálacha nó trí acmhainn bhreosla ailtéarnaigh (*) (**) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bliain 1 | (Ainm monaróir 1) | (ainm chineál 1) | (ainm athraitheach 1) | (ainm leagan 1) | | … | … | … | … | … | … | … |
| Bliain 1 | (Ainm monaróir 1) | (ainm chineál 1) | (ainm athraitheach 1) | (ainm leagan 2) | | … | … | … | … | … | … | … |
| Bliain 1 | (Ainm monaróir 1) | (ainm chineál 1) | (ainm athraitheach 2) | (ainm leagan 1) | | … | … | … | … | … | … | … |
| Bliain 1 | (Ainm monaróir 1) | (ainm chineál 1) | (ainm athraitheach 2) | (ainm leagan 2) | | … | … | … | … | … | … | … |
| Bliain 1 | (Ainm monaróir 1) | (ainm chineál 2) | (ainm athraitheach 1) | (ainm leagan 1) | | … | … | … | … | … | … | … |
| Bliain 1 | (Ainm monaróir 1) | (ainm chineál 2) | (ainm athraitheach 1) | (ainm leagan 2) | | … | … | … | … | … | … | … |
| Bliain 1 | (Ainm monaróir 1) | (ainm chineál 2) | (ainm athraitheach 2) | (ainm leagan 1) | | … | … | … | … | … | … | … |
| Bliain 1 | (Ainm monaróir 1) | (ainm chineál 2) | (ainm athraitheach 2) | (ainm leagan 2) | | … | … | … | … | … | … | … |
| Bliain 1 | (Ainm monaróir 1) | … | … | … | | … | … | … | … | … | … | … |
| Bliain 1 | (Ainm monaróir 1) | | | … | | … | … | … | … | … | … | … |
| Bliain 1 | (Ainm monaróir 1) | | … | … | | … | … | … | … | … | … | … |
| Bliain 1 | (Ainm monaróir 1) | | | … | | … | … | … | … | … | … | … |
| Bliain 1 | (Ainm monaróir 1) | … | … | … | | … | … | … | … | … | … | … |

(*) I gcomhréir le hAirteagal 12.
(**) I gcomhréir le hAirteagal 6.

